


Lámhleabhar Tionónta



Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

Clár na nÁbhar

Fáilte	2
Coinníollacha Tionóntachta	3
I do Chónaí i do Theach.....	5
Cíos.....	12
Cothabháil & Deisiúcháin	14
Sábháilteacht i do Theach	19
Rannpháirtíocht na dTionóntaí	25
Iompar Frithshóisialta	27
Roghanna Tithíochta	31
Gníomhú ar son na hAeráide agus an Comhshaol	36
Leas na dTionóntaí	41
Éigeandálaí	42
Aguisín.....	43-50

Fáilte

Ba mhaith le Comhairle Cathrach na Gaillimhe fáilte a chur romhat mar thionónta agus tá áthas uirthi cóip den Lámhleabhar Tionóntaí a chur ar fáil duit.

Sa lámhleabhar seo, tugtar an fhaisnéis bhunúsach duit a dteastaíonn uait mar thionónta, lena n-áirítear freagrachtaí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe mar an tiarna talún agus tú féin mar an tionónta.

Is treoir atá sa lámhleabhar seo agus ní thugtar mionsonraí faoi gach uile gné de sheirbhísí tithíochta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Tá eolas breise ar fáil ar an suíomh gréasáin www.galwaycity.ie.

Tá an Roinn Tithíochta suite ag:

Comhairle Cathrach na Gaillimhe,
Halla na Cathrach,
Bóthar an Choláiste,
Gaillimh H91 X4K8.

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Tithíochta trí ghlaó a chur nó trí ríomhphost a sheoladh.

Teileafón: (091) 536400

Ríomhphost: housing@galwaycity.ie

Suíomh Gréasáin: www.galwaycity.ie

Coinnigh an doiciméad seo in áit shábháilte i do theach le do thoil mar b'fhéidir go mbeidh ort tagairt a dhéanamh dó sa todhchaí.

Leagan 4 Meitheamh 2023

Coinníollacha Tionóntachta

Síníonn gach tionónta de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe Comhaontú Tionóntachta. Leis an doiciméad seo, bunaítear caidreamh dlíthiúil idir tú féin agus an tÚdarás Áitiúil. Tá coinníollacha do thionóntachta leagtha amach go mion i do Chomhaontú Tionóntachta. Tríd an gcomhaontú a shíniú, tá tú ag aontú leis na coinníollacha go léir atá leagtha amach sa chomhaontú.

Tugtar achoimre thíos ar na príomhphointí.

Conas a oibríonn mo thionóntacht?

- Ní mór gurb é an teach sin do phríomháit chónaithe agus nach bhfuil cónaí ort in áit ar bith eile.
- Ní féidir leat an teach, an gairdín ná an seid a úsáid chun críocha gnó de chineál ar bith.
- Ní mór duit cead i scríbhinn a fháil ón gComhairle má tá sé ar intinn agat a bheith as láthair ón teach ar feadh sé seachtaine nó níos mó in aon bhliain amháin.
- Caithfear cíós a íoc ina iomláine gach seachtain.
- Ní mór duit sonraí iomlána agus cruinne a thabhairt don Chomhairle faoi gach duine a bhfuil ina chónaí i do theaghlach agus faoi ioncam do theaghlach.
- Ní féidir leat lóistéirí nó fo-thionóntaí a ghlacadh isteach. Caithfear áititheoirí uile na maoin a dhearbhu.
- Ní féidir an tionóntacht a aistriú chuig aon duine eile gan cead ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.
- Ní mór duit fógra ceithre seachtaine a thabhairt don Chomhairle más mian leat do theach a thabhairt suas.
- Ní mór duit aire a thabhairt don teaghais agus í a chothabháil i gceart.
- Ní féidir leat athruithe a dhéanamh ar an maoin gan toiliú i scríbhinn a fháil roimh ré ón gComhairle.
- Caithfear cead a thabhairt d'oifigigh údaraithe na Comhairle dul isteach agus iniúchadh a dhéanamh ar an teaghais ag amanna réasúnta nó chun an obair riachtanach a dhéanamh.
- Ní féidir peataí a choinneáil ach le cead na Comhairle. Caithfear peataí a choinneáil faoi smacht.
- Ní bheid tú féin ná do theaghlach, cuairteoirí san áireamh, ina chúis le núis ná crá ná ní chuirfear isteach ar chomharsana.
- Tá sé de cheart againn deireadh a chur le do thionóntacht agus do theach a athshealbhú (a thógáil ar ais) mura gcomhlíonann tú coinníollacha do chomhaontaithe tionóntachta.

Beidh do thionóntacht le Comhairle Cathrach na Gaillimhe i mbaol má sháraíonn tú coinníoll amháin nó níos mó de na coinníollacha a ghabhann le do thionóntacht.

Pobal

Nuair a thugann Comhairle Cathrach na Gaillimhe teaghais duit, ní amháin a bhfuil tú i do thionónta, tá tú i do bhall den phobal ina bhfuil tú ina chónaí. Ciallaíonn maireachtáil mar chuid de phobal líonra sóisialta a chruthú i measc tú féin agus do chomharsana. Is éard atá i gceist leis sin ná cabhrú lena chéile agus breathnú amach dóibh siúd atá scothaosta agus leochaileach. Spreagann Comhairle Cathrach na Gaillimhe gach tionónta a bheith ina rannpháirtí gnomhach ina phobal agus páirt a ghlacadh in imeachtaí agus i ngníomhaíochtaí a ligeann duit bualadh le do chomharsana agus am a chaitheamh leo.

Bíodh meas agat ar dhaoine eile agus bíodh béasach agus tuisceanach leo, le do thoil.

Ní ghlacfar le hiompar frithshóisialta. D'fhéadfaí go n-athshealbhófar teaghais na dtionóntaí ciontaithe agus a dteaghlai.

Cosaint Chomhshaoil

Tabhair meas ar an timpeallacht le do thoil. Déan do chuid dramháola a dhíúscairt i gceart agus ná caith bruscar. Déan iarracht laghdú ar an méid dramháola a tháirgeann tú agus ar méid fuinnimh agus uisce a úsáideann tú. Glac páirt i dtionscnaimh chomhshaoil áitiúla. Is féidir le hathruithe beaga difríocht mhór a dhéanamh.

Comhionannas agus Éagsúlacht

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe tiomanta dár ndualgas san earnáil phoiblí a chur i bhfeidhm trí aird a thabhairt ar an ngá le hidirdhealú a dhíchur, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint. Tá an tiomantas seo spreagtha ag luachanna dínit, uathriail, rannpháirtíochta, uilechuimsitheachta, ceartais shóisialta agus ceartais chomhshaoil, mar atá míniú sa Ráiteas um Chearta an Duine agus Comhionannas a d'fhorbair Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Chathair na Gaillimhe (LCDC). Tacaíonn an Roinn Tithíochta go hiomlán leis an Ráiteas seo. Is féidir le gach duine a théann i dteagmháil le Roinn Tithíochta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a bheith ag súil go gcaithfear leo le dínit agus le hurraim. Caithfear go cothrom le gach duine agus beidh meas ag an gComhairle ar gach duine as a n-indibhidiúlacht agus éagsúlacht.

Ár bhFoireann a Chosaint

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe tiomanta do chúram custaiméirí ach tá inní uirthi freisin faoi shábháilteacht agus fholláine ár bhfoirne. Ní mór do thionóntaí dínit agus meas a thaispeáint d'fhoireann Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, nó d'aon duine atá ag obair thar ceann na Comhairle. Ní ghlacfar le hiompar míchuí, lena n-áirítear teanga maslach, agus déileálfar leis mar shárú ar do Chomhaontú Tionóntachta.

Rúndacht

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe tiomanta do dhéileáil le faisnéis fút ar bhealach rúnda. Déanaimid iarracht a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis a choinnímid cruinn agus cothrom le dáta. Má thagann athrú ar aon cheann de do chuid sonraí, cuir é seo in iúl dúinn le do thoil.

I do Chónaí i do Theach

Nuair a thagann tú chun bheith i do thionónta le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, tugtar an ceart duit an mhaoín a áitiú mar do theach, faoi réir choinníollacha do Chomhaontaithe Tionóntachta.

Ag Bogadh Isteach

Nuair a bheidh do mhaoín réidh le ligean, déanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe coinne chun bualadh leat ionas gur féidir leat do Chomhaontú Tionóntachta a shíniú. Tabharfar eochracha do mhaoine duit freisin.

Beidh iniúchadh déanta ar an maoin agus beidh sí i ndea-dheisriocht. Tá an tionónta freagrach as aon mhaisiúchán breise ar an maoin. Ní cuid den tionóntacht iad troscán agus éadach tí. Má theastaíonn cúnamh airgeadais uait chun earraí riachtanacha a cheannach do do theach nua, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Coimirce Sóisialaí chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi chritéir incháilitheachta. Tá freagracht ar an Tionónta úinéireacht a ghlacadh ar gach fóntas don mhaoín láithreach. Ní cheadaítear aon mhéadair leictreachais réamhíoctha do mhaoín le teaschaidéil.

Do Theaghlach

An féidir liom duine eile a chur le mo theaghlach / tionóntacht?

Más mian le duine eile a bheith mar chuid de do theaghlach, caithfidh tú cead i scríbhinn a lorg ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Má cheadaítear an iarraidh agus má thugtar cead don duine cónaí i do mhaoín, áireofar iad ar do chuntas cíosa. Ní féidir le duine ar bith cónaí san áitreabh go dtí go mbeidh cead foirmiúil, i scríbhinn faighte ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

An féidir liom lóistéir nó fo-thionónta a thógáil isteach?

Ní féidir. Bheadh sé seo ina shárú ar do choinníollacha tionóntachta.

An féidir liom gnó a oibriú ó mo theach?

Ní féidir. Bheadh sé seo ina shárú ar do choinníollacha tionóntachta. Ní féidir leat an teach, an gairdín ná an seid a úsáid chun críocha gnó de chineál ar bith.

Peataí

An féidir liom peataí a choinneáil sa teach?

Caithfidh tú cead i scríbhinn a fháil ón gComhairle sula bhfaighidh tú peata.

Ní mór do mhicrislis a bheith ar an madra agus ceadúnas madra cothrom le dáta a bheith agat. Caithfear ceadúnais a athnuachan gach bliain ag d'Oifig Poist áitiúil.

Ní choimeádfaidh an Tionónta aon capaill, éanlaith chlóis, muca, firéad, éin mhóra, reiptílí nó ainmhithe eile (seachas peataí tí nach dóigh go gcruthóidh siad nús nó a thiocfaidh chun bheith ina n-ábhar crá) ná ní ghabhfaidh sé le pórú madraí nó cait. faoin Aonad; má choinníonn an Tionónta peataí tí, cinnteoidh sé/sí nach gcruthófar aon nús agus go mbeidh na botháin, na scáthláin nó na clóis ina bhfuil na peataí tí sin tógtha i gceart, pábháilte agus draenáilte. Coinneofar gach peata tí faoi smacht, faoi shrian nó faoi cheangal.

Cad iad Pórtha Madraí Srianta nó Rialaithe?

Ní cheadaítear cineálacha / pórtha áirithe madraí i maoin na Comhairle. Na madraí seo mar a shainmhínítear iad mar 'Pórtha Rialaithe' faoi na 'Rialacháin um Rialú Madraí 1998'. Áirítear orthu seo: Tarbh-Bhrocaire Meiriceánach, Tarbh-mhaistín, Pinséir Doberman, Tarbh-Bhrocaire Sasanach, Alsáiseach, Akita Seapánach, Tosa Seapánach, Dronnach Róidéiseach, Rótvaidhléir, Tarbh-bhrocaire Staffordshire agus tréithchineálacha agus crosantaigh de na pórtha seo.

Má bhíonn aon fhadhb agat le madraí ar seachrán téigh i dteagmháil le do thoil leis an an Maor Madraí ar (091) 757094.

Capaill

Tá Fo-Dhlíthe um Rialú Capaill le glacadh ag deireadh 2023.

Beidh na fodhlíthe infheidhmithe i limistéar iomlán Chathair na Gaillimhe.

- Caithfidh ceadúnas capall reatha a bheith eisithe ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe dá chapall. Ní mór micrea-slis bheith ar an gcapall agus pas capall a bheith aige.
- Ní féidir cead a thabhairt do chapall bheith ar féarach, dul ar strae, nó fanacht ar thalamh poiblí i gCathair na Gaillimhe gan toiliú i scríbhinn ón gComhairle.
- Ní féidir capall a chur i stábla laistigh de chúirtealáiste aon áitribh i gCathair na Gaillimhe.
- Ní cheadaítear d'fheithiclí rás-capaill ar bhóithre poiblí i gCathair na Gaillimhe.
- Sna fodhlíthe, déantar foráil maidir le capaill a urghabháil, a choinneáil agus a dhiúscairt in imthosca a leagtar amach sna fodhlíthe.

Is féidir cóip de na Fodhlíthe a fháil ó customerservice@galwaycity.ie nó trí ghlaoch ar 091 536400.

Ní cheadaítear capaill in aon mhaoin de chuid na comhairle nó timpeall uirthi nó ar thailte poiblí sa chathair. Gabhfar aon chapall a gheofar in eastát nó in áit phoiblí.

Gairdín

An bhfuilim freagrach as an teach amháin nó as an ngairdín agus as an teach? Tá tú freagrach as an bpéire. Is cuid de do chomhaontú le Comhairle Cathrach na Gaillimhe go gcoinneoidh tú do theach agus do ghairdíní i riocht glan slachtmhar agus nach ligfidh tú dóibh a bheith ina radharc gránna. Níl sé i gceist coincreít, pábháil nó tarmac a chur in ionad limistéir ghlasa - do ghairdín tosaigh nó do ghairdín cúil . Ní mór duit iad a choinneáil glan trí iad a choinneáil saor ó bhruscar, trí sconsaí, fála agus ballaí a chothabháil, an féar a ghearradh agus a chinntiú nach dtéann plandaí, toir agus crainn chun fiántais. Bítear ag súil go gcoinneoidh tú an cosán tadhlach le do mhaoin, lena n-áirítear gáitéir bóthair, saor ó bhruscar.

Feithiclí agus Páirceáil

Déanann Maoir Phobail Chomhairle Cathrach na Gaillimhe faireachán ar Rialacháin um Trácht ar Bhóithre agus cuireann siad iad i bhfeidhm ar gach bóthar/limistéar poiblí laistigh den chathair.

Bí tuisceanach le do thoil agus tú ag páirceáil ag d'áit chónaithe. Baineann sé seo le gach ball teaghlaigh agus cuairteoir ar an teaghais.

- Cloí le rialacha an bhóthair i gcónaí.
- Ná páirceáil ná tiomáint ar spásanna poiblí oscailte / glasa, cosáin ná ciumhaiseanna féir.
- Ná páirceáil feithiclí neamh-inúsáidte nó mídhleathacha laistigh de theorainn nó chomharsanacht ghinearálta do thí.
- Tá cosc dian ar charbháin áitithe agus ar mhótar-thithe laistigh de theorainn nó chomharsanacht ghinearálta do thí.
- Téigh i dteagmháil le do stáisiún Garda áitiúil má tá amhras ort gur tréigeadh carr i gcomharsanacht do thí.
- Ná cuir bac a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar rochtain ar sheirbhísí éigeandála.
- Ná cuir bac ar gheata ná ar chabhsa aon duine.
- Níl spásanna páirceála ainmnithe ag tionóntaí agus ní mór dóibh áiteanna páirceála comhoiteanna iomchuí a úsáid dá n-úsáid féin. Níor chóir leantóirí ná boscaí capall a stóráil i spásanna páirceála.

Níor chóir feithiclí a pháirceáil ach i gcabhsa, nó i limistéar páirceála ainmnithe má tá siad ród-acmhainneach, faoi cháin agus faoi árachas.

Forchoimeádann Comhairle Cathrach na Gaillimhe an ceart aon fheithicil, trucail, leantóir, carbhán, teach soghluaiste, bosca capall nó bád a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le núis / crá nó nach bhfuil ród-acmhainneach, faoi cháin agus faoi árachas a bhaint.

An féidir liom carbhán nó teach soghluaiste a pháirceáil ag mo theach?

Ní féidir carbhán, teach soghluaiste nó veain champála a chur ná a choinneáil laistigh de chúirtealáiste an áitribh, seachas de réir an Achta Pleanála agus Forbartha 2000 agus na rialachán arna ndéanamh faoi. Caithfear cead a lorg ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Is féidir carbháin neamhúdaraithé a ghaibhniú agus gearrtar an costas as an gcarbhán a bhaint agus a stóráil ar an tionónta.

CCTV

Más mian leat CCTV a shuiteáil ag an áitreabh, ní mór duit cead a iarraidh ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ag lua an chúis a bhfuil CCTV ag teastáil. Sula ndéanfaidh sí an iarraidh a cheadú, ní mór don Chomhairle a bheith sásta:

- Nach gclúdaíonn an córas CCTV ach an maoin a bhfuil tú i do chónaí agus ní aon mhaoin nó limistéar comhchoiteann eile.
- Nach ndéanfaidh suiteáil an chórais CCTV damáiste d'aon mhaoin.
- Go bhfuil comharthaíocht oiriúnach suiteáilte.
- Go bhfuil Comhairle Cathrach na Gaillimhe in ann na ceamaraí a fheiceáil nuair a bheidh siad feistithe, tráth na suiteála nó níos déanaí, má iarrtar sin.
- Go gcomhlíonann an córas CCTV dlí ábhartha na hÉireann agus na hEorpa.

Tá na cónaitheoirí sa teaghais sin freagrach as CCTV atá suiteáilte ar aon áit chónaithe . Ní hé Comhairle Cathrach na Gaillimhe rialtóir sonraí na sonraí seo. Má tá ceamaraí dírithe go soiléir ar limistéir seachas ar do mhaoin féin, measfar gur iompar is cúis le núis é seo agus is sárú é ar do chomhaontú tionóntachta. Féadfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe a iarraidh go mbainfear trealamh CCTV as do mhaoin.

Coimeádaimid an ceart caingean dlí a thionscnamh chun é a bhaint, más gá.

Sárú Tionóntachta

Is é sárú tionóntachta an téarma a úsáidtear nuair a theipeann ort cloí le téarmaí agus coinníollacha do Chomhaontaithe Tionóntachta. Is conradh atá ceangailteach ó thaobh dlí idir tú féin agus an Chomhairle é an Comhaontú Tionóntachta. Cuirfear do thionóntacht i mbaol trí shárú ar cheann amháin nó níos mó de choinníollacha do thionóntachta agus d'fhéadfadh an Chomhairle do theach a athshealbhú dá bharr.

Sa chás go ndeimhnítear sárú tionóntachta, eiseoidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe Rabhadh Tionóntachta reachtúil. Má leantar leis an sárú tar éis an Rabhadh Tionóntachta reachtúil, is féidir le Comhairle Cathrach na Gaillimhe imeachtaí a thionscnamh chun Ordú Seilbhe a fháil don mhaoin trí na cúirteanna.

I measc an iompair a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar an gComhairle caingean dlí a thionscnamh in do choinne tá:

- Riaráistí Cíosa
- Damáiste do mhaoin
- Cionta coiriúla inghabhála, mar shampla mangaireacht drugaí
- Dul i mbun iompair fhrithshóisialta thromchúisigh agus/nó leanúnaigh
- Leanúint ar aghaidh ag briseadh rialacha an Chomhaontaithe Tionóntachta, in ainneoin rabhaidh inar iarradh ort stopadh

Má dhéantar tú a dhíshealbhú as do theach mar gheall ar shárú ar do thionóntacht, measfaidh an Chomhairle go bhfuil tú gan dídean d'aon ghnó mar thoradh díreach ar do ghníomhartha féin. Má tharlaíonn sé seo, b'fhéidir nach dtabharfadh an t-údarás áitiúil teach eile arís duit.

Núis Chomharsanachta

Féadann fadhbanna comharsanachta a bheith ina gcúis le mionchionspóidí mar thoradh ar raon rudaí. Tá fadhbanna núis comharsanachta coitianta. Mar sin féin, is féidir an chuid is mó díobh a réiteach go tapa agus go héasca gan anacair nó suaitheadh míchuí a dhéanamh. De ghnáth ní ghlacfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe páirt i bhfadhbanna um núis chomharsanachta. Féadfaidh sé cúrsaí a dhéanamh níos measa, más uainne a gcloiseann do chomharsa faoi d'fhadhb seachas uaitse ar dtús.

Cad is Núis ann?

Is éard atá i núis ná iompar neamhfhreagrach a fhágann go mbíonn daoine eile ag fulaingt; de ghnáth ní bhíonn sé dírithe ar dhuine amháin. Cuirtear an téarma i bhfeidhm ar chineálacha éagsúla iompair a mheastar gan a bheith chomh tromchúisí céanna agus atá iompar frithshóisialta. Mar shampla de núis, d'fhéadfadh teip ar smacht a choinneáil ar pheata, gairdín nach ndéantar a chothabháil go cuí, carnadh bruscair, mion-thruailliú torainn, argóintí teaghlaigh a théann i bhfeidhm ar chomharsana agus mionchiapadh ó bhéal.

Má chuireann madra comharsan isteach ar thionónta / cónaitheoir, is féidir leis an tionónta / cónaitheoir gearán a dhéanamh leis an gCúirt Dúiche seachas le Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Baineann Alt 25 den Acht um Rialú Madraí 1986 le núis de bharr madraí bheith ag tafann.

Cad is féidir liom a dhéanamh má bhíonn fadhbanna agam le mo chomharsana?

Is é an chéad rud atá le breithniú ná go mb'fhéidir nach bhfuil do chomharsa ar an eolas go bhfuil a gcuid gníomhartha ina gcúis le núis. Más é seo an cás, b'fhéidir go mbeidh tú in ann an fhadhb a réiteach trí díreach labhairt le do chomharsa agus a n-aird a tharraingt ar an ábhar ar bhealach stuama. Go ginearálta, is é seo an cur chuige is fearr i leith núis chomharsanachta toisc go bhféadtar an fhadhb a réiteach go tapa agus go gcoinníonn tú fós dea-chaidreamh le do chomharsa.

Mura féidir leat an cheist a réiteach, is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Teagmhála Eastáit Tithíochta do do cheantar a thabharfaidh comhairle duit faoin mbealach is fearr le déileáil leis an bhfadhb. Más mian leat gearán a dhéanamh faoi núis, moltar duit dialann a choinneáil faoi na dátaí, amanna agus sonraí d'aon eachtra líomhnaithe. Le haghaidh faisnéise ar iompar frithshóisialta, féach leathanach 27.

Is fadhb choitianta é torann míréasúnta ó theach cónaithe agus murar féidir teacht ar réiteach, féadfaidh gearánaí iarratas a dhéanamh chuig an gCúirt Dúiche ar Ordú Maolaithe Torainn de réir Alt 108 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 .

Conas bheith i do dea-chomharsa

Cuid thábhachtach de mhaireachtáil phobail is ea bheith mór le do chomharsana. Ba cheart duit iarracht a dhéanamh meas a bheith agat i gcónaí ar phríobháideacht do chomharsa agus gan cur isteach ar a maoin. Ba cheart duit iarracht a dhéanamh faire amach do do chomharsana, go háirithe cónaitheoirí scothaosta. Má cheapann tú go bhfuil cúnaimh nó tacaíocht de dhíth ar aon cheann de do chomharsana, déan teagmháil leis an Roinn Tithíochta.

Conas bheith i do dea-chomharsa

- Cuir fáilte roimh chomharsana nua agus abair dia dhaoibh leo.
- Bíodh meas agat ar cheart do chomharsana maireachtáil ar bhealach síochánta.
- Ná téigh i mbun iompair a chuireann isteach ar dhaoine eile ná a chuireann as dóibh.
- Déan do theach agus do ghairdín a chothábháil.
- Cinntigh go ndéanann tú féin agus do chuariteoirí gluaisteáin a pháirceáil go sábháilte agus ar bhealach nach gcruithóidh deacrachtaí do dhaoine eile.
- Glac freagracht as do pheataí.
- Déan do chuid dramhaíola a dhiúscairt i gceart agus ná lig do dhramhaíl carnadh i do theach nó i do ghairdín.
- Tabhair rabhadh do chomharsana nuair a bheidh tú ag déanamh rud éigin an-fhuaimiúil: druileáil, buaileadh le casúr nó cóisir a bheith agat.
- Coinnigh torann, i do theach nó gar dó, íseal ó 10in go 8rn.
- Má tá madra agat, ná fág é ag tafann i gcónaí sa bhaile, nó sa ghairdín, agus glan suas aon phraiseach a dhéanann sé.
- Déan cinnte go smaoiníonn do leanaí ar an gcaoi a bhféadfadh a nósanna súgartha dul i bhfeidhm ar chomharsana.

Ag bogadh amach

An bhféadfaidh mé mo thionóntacht a chur ar aghaidh chuig duine eile?

Ní dhéanfaidh. Scrúdófar gach cás de réir a fhiúntais féin. I gcásanna cosúil le bás an tionónta, fanacht fhadtéarmach in ospidéal nó príosúnacht den tionónta d'fhéadfadh go bhféadfadh duine de theaghlach an tionónta teacht i gcomharbacht ar an tionóntacht.

Cad a tharlaíonn má theastaíonn uaim tionóntacht mo thí a thabhairt suas?

Féadfaidh tú a chinneadh gur mian leat deireadh a chur le do thionóntacht le Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Sula gcuirfidh tú deireadh le do thionóntacht, tá sé tábhachtach labhairt le ball foirne sa Roinn Tithíochta ar féidir leo an fhaisnéis uile a dteastaíonn uait a thabhairt duit chun cinneadh críochnaitheach a dhéanamh. Agus cinneadh á dhéanamh agat maoin de chuid na comhairle a fhágáil, tá tú ag tabhairt suas gach ceart agus teidlíocht ar an maoin agus ní bheidh an Chomhairle freagrach as aon riachtanais tithíochta sa todhcháí.

Má shocraíonn tú do thionóntacht a ghéilleadh, ní mór duit fógra ceithre seachtaine a thabhairt dúinn. Nuair a fhágann tú an teach caithfear gach troscán agus éadach tí a bhaint nó gearrfar táille.

Measfar go bhfuil an t-iar-tionónta freagrach as na costais a thabhaigh an Chomhairle i ndáil le hoibreacha ar theach folamh freagrach i gcás nach gcuirtear na hoibreacha i leith gnáthchaite agus gnáthchuimilte. Féachfaidh an Chomhairle leis na costais seo a chúiteamh.

Cíos

Déanfaidh an Rannóg Cíosanna Tithíochta do chíos a mheas agus déileálfaidh sí le haon cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith agat maidir le do chuntas, le modh íocaíochta nó le fadhbanna i ndáil le riaráistí cíosa.

Conas a ríomhtar mo chíos?

Ríomhtar do chíos ag baint úsáide as Scéim Cíosa Dhifreálaigh na Comhairle. Déantar cíosanna a mheas ar ioncam iomlán an teaghlaigh agus sonraí gach ball teaghlaigh, lena n-áirítear cleithiúnaithe, á gcur san áireamh. Tá sé tábhachtach go soláthraíonn tú sonraí iomlána faoi chomhdhéanamh agus ioncam teaghlaigh do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ionas gur féidir do chíos a ríomh go cruinn.

Déanann an Chomhairle athbhreithniú ar an Scéim Cíosa Dífreálach gach bliain agus tá sí faoi réir a athraithe. Tá cóip den Scéim Cíosa reatha ar fáil arna iarraidh sin.

Cathain a bheidh mo chíos dlíte?

Bíonn do chíos dlíte ar an Luan de gach seachtain.

Conas is féidir liom mo chíos a íoc?

Soláthraíonn an Chomhairle raon modhanna íocaíochta:

Buan-Ordú: Íocaíocht trí do bhanc

Scéim Buiséid Teaghlaigh: Asbhaintí ó leas sóisialach **An Post:**

Íocaíocht ag aon Oifig an Phoist ag úsáid cárta Billpay **Íoc Ar Líne:** ag

www.galwaycity.ie

Go pearsanta: ag an Oifig Airgid i Halla na Cathrach

Cad a tharlaíonn má thagann athrú ar mo chúinsí?

Ba cheart duit an Chomhairle a choinneáil ar an eolas faoi aon athrú ar ioncam do theaghlaigh nó daoibh siúd atá ina gcónaí sa teach. Mar shampla, ba chóir duit a chur in iúl dúinn cathain:

- A fhaigheann duine i do theaghlach post
- A éiríonn duine i do theaghlach dífhostaithe
- A thagann duine isteach sa teaghlach
- A thosaíonn duine sa teaghlach ag éileamh leasa shóisialaigh
- Leanann nó tosaíonn mac léinn ar oideachas 3ú leibhéal
- A tharlaíonn breith sa teaghlach
- A tharlaíonn bás sa teaghlach

Cad a tharlóidh mura n-inseoidh mé don Chomhairle faoi athrú ar chúinsí?

Nuair a fhaighimid amach nár chuir tú in iúl dúinn faoi athrú ar do chúinsí, déanfar do chíos a athmheasúnú agus do chuntas a shiardhátú. D'fhéadfadh riaráistí suntasacha ar do chuntas a bheith mar thoradh air seo.

An bhféadfaidh mé ráiteas faoi mo chuntas cíosa a fháil?

Tá. Seoltar Ráitis Chuntais chuig gach tionónta i rith na bliana. Ar an ráiteas, taispeántar sonraí faoi na muirir chíosa, na híocaíochtaí agus na hoiriúnuithe a rinneadh ar an gcuntas. Taispeántar an t-iarhmhéid ar do chuntas freisin. Féadfaidh tú ráiteas ar do chuntas cíosa a iarraidh ag am ar bith.

Cad a tharlaíonn má bhíonn deacrachtaí agam mo chíos a íoc?

Mura féidir leat do chíos a íoc, cuir Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar an eolas láithreach. Is é do mhaitheasa é a chur in iúl dúinn faoi na deacrachtaí atá agat ag an tús agus iarracht a dhéanamh riaráistí ar do chuntas cíosa a sheachaint.

Ba cheart duit teagmháil a dhéanamh le hAonad Bainistíochta Fiachas Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus cuideoidh siad leat ar bhealach ar bith is féidir leo. Is féidir plean íocaíochta a shocrú chun ligean duit do riaráistí cíosa a ghlanadh le himeacht ama. Má tá riaráistí agat, is luaithe a rachaidh tú i ngleic leis an bhfadhb, is fearr a bheidh an toradh. B'fhéidir gur mhaith leat teagmháil a dhéanamh leis an tSeirbhís Comhairle agus Buiséadaithe Airgid áitiúil (MABS).

An dtabharfaidh an Chomhairle mé chun na cúirte mar gheall ar riaráistí cíosa?

Tá. Má dhiúltaíonn tú teacht ar chomhaontú réasúnach nó mura gclóíonn tú leis an bplean comhaontaithe, seirbheálfadh an Chomhairle na litreacha rabhaidh iomchuí agus féadfaidh sí imeachtaí dlí a thionscnamh chun seilbh folamh ar an maoin a aisghabháil. Má dhéantar tú a dhíshealbhú mar gheall ar riaráistí cíosa, tá tú fós freagrach as na riaráistí agus na costais dlí.

Ní bheidh tionóntaí a bhfuil riaráistí ar a gcuntas incháilithe iarratas a dhéanamh ar aistriú chuig teaghais eile de chuid na Comhairle. Ina theannta sin, d'fhéadfadh riaráistí cíosa difear a dhéanamh d'incháilitheacht chun an maoin a cheannach faoin Scéim Ceannaigh Tionóntaí. Cé is moite de dheisiúcháin riachtanacha, ní fhéadfar obair chothabhála a dhéanamh má tá riaráistí ag cuntais chíosa. Déileálfar leis seo ar bhonn cás ar chás de réir rogha na Comhairle.

Cothabháil agus Deisiúcháin

Cothabháil agus deisiúcháin

Gearrfar táille ar an tionónta as glaonna amach gan ghá as iniúchadh a dhéanamh ar earraí a bhfuil an tionónta freagrach astu.

Féadfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe, ó am go ham ar mhaithe le sábháilteacht agus chun a gcuid maoin a chosaint, earra a bhfuil an tionónta freagrach as a dheisiú agus gearrfaidh sí costas an deisiúcháin ar an tionónta

D'fhonn d'áit chónaithe ar cías a choinneáil i ndea-riocht, tá deisiúcháin agus cothabháil riachtanach. Mar thionónta, roinneann tú an fhreagracht as na deisiúcháin agus as an gcothabháil seo leis an gComhairle.

Is í an Chomhairle atá freagrach go ginearálta as eilimintí struchtúracha an áitribh agus bíonn an tionónta freagrach as cothabháil laethúil agus cothabháil ghinearálta an áitribh.

Ní mór duit comhaontú i scríbhinn ón gComhairle a fháil sula dtosaíonn tú ar aon fheabhsúchán, athrú nó breisiúchán ar do theach.

Is coinníoll de do thionóntacht é go gcoinnítear do mhaoin in ord maith agus i ndeisriocht. Má tá aon cheist agat faoi dheisiúcháin agus chothabháil, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an Rannóg Cothabhála Tithíochta de Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

An ndéanfaidh an Chomhairle aon deisiúchán a dteastaíonn uaim?

Níl dhéanfaidh. Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe freagrach as go leor deisiúchán ach níl sí freagrach as gach deisiúchán ar do theach. Tá deighilt shoiléir ann faoi na deisiúcháin a bhfuil tú freagrach astu agus na deisiúcháin a bhfuil an Comhairle freagrach astu. Go ginearálta, tá an tÚdarás Áitiúil freagrach as an gcuid is mó de dheisiúcháin agus deisiúcháin struchtúracha mar gheall ar chaitheamh agus cuimilt chóir.

Tá an tionónta freagrach as aon damáiste toiliúil nó mailíseach agus aon damáiste de bharr faillí a dheisiú. Tá roinnt deisiúcháin ann a bhreithneoidh an Chomhairle iad a dhéanamh má íocann an tionónta an muirear riachtanach. Tá liosta d'fhreagrachtaí na Comhairle agus freagrachtaí an tionónta i leith cothabhála agus deisiúcháin le fáil san Aguisín ar leathanaigh 39-40.

An ndéanann tú maoin a dheisiú sula mbogann tionóntaí nua isteach?

Déanaimid gach rud is féidir linn chun teach nó árasán a dhéanamh ináitrithe, ag cloí leis na Rialacháin Tithíochta (Caighdeán do Thithe ar Cíos) 2017, nó le haon leagan nuashonraithe de na rialacháin seo, sula mbogann tionónta nua isteach.

Cad iad na deisiúcháin a bhfuilim freagrach astu?

Tá liosta d'fhreagrachtaí na Comhairle agus freagrachtaí an tionónta i leith cothabhála agus deisiúcháin le fáil san Aguisín ar leathanach 43.

Tá freagracht ar na tionóntaí na billí fóntais a aistriú isteach ina n-ainm ó thús an léasa.

An ndéanfaidh an Chomhairle eisceacht?

Breithníonn an Chomhairle iarratais chun deisiúcháin a dhéanamh atá freagrach as an tionónta ach in imthosca eisceachtúla, mar shampla seanaois nuair nach féidir leis an tionónta na deisiúcháin a dhéanamh. Má bhraitheann tú nach bhfuil tú in ann aire a thabhairt do do theach, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Teagmhála Eastáit Tithíochta i do cheantar chun comhairle a fháil.

Nuair a iarrann an tionónta obair chothabhála freagartha, a mheastar a bheith mar obair a bhfuil an tionónta freagrach as, féadfar costas na hoibre ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe a ghearradh ar an tionónta. Mura ndéantar an costas seo a íoc laistigh den amlíne socraithe, nó comhaontú a dhéanamh maidir leis an gcostas seo trí íocaíochtaí céimnithe, d'fhéadfaí a mheas go bhfuil an tionónta ag sárú a chomhaontaithe tionóntachta.

Ba chóir go dtuigfeadh tionóntaí nach dtabharfar cúiteamh dóibh as oibreacha deisiúcháin a dhéanann siad féin, ar freagracht na comhairle iad ina dhiaidh sin.

Conas a dhéanaim iarratas ar dheisiúchán?

Is ortsa atá an fhreagracht mar thionónta fógra a thabhairt don Chomhairle faoi aon locht cothabhála. Féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh leis an gComhairle:

ar an teileafón. 091 536400

trí ríomhphost: tithíocht@galwaycity.ie

i scríbhinn: Cothabháil Tithíochta, Roinn Tithíochta, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste, Gaillimh

duine le duine: Ag Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste, Gaillimh

Déanfaidh an Chomhairle imscrúdú ar do thuairisc agus tabharfaidh sí comhairle faoi cé atá freagrach as an deisiúchán. Sa chás go meastar go bhfuil an Chomhairle freagrach, tabharfar léargas duit cathain a dhéanfar an deisiúchán.

Meas ar Fhoireann Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus ar Fhoireann ar Conradh

Is coinníoll de do Chomhaontú Tionóntachta é nach ndéanann tú bagairt ná mí-úsáid a bhaint as foireann na Comhairle nó aon duine atá ag obair thar ceann na Comhairle. Ní ghlacfar le hiompar míchuí nó bagrach. Cuirfidh sé do thionóntacht i mbaol agus d'fhéadfadh nach ndéanfaí oibreacha ag do mhaoín dá bharr. Níor chóir do thionóntaí glaoch ar an oifig tithíochta agus iad faoi thionchar drugaí nó alcóil.

D'fhéadfadh imeachtaí dlí a bheith mar thoradh ar aon ionsú, bagairt, imeaglú, ciapadh, ciníochas d'aon chineál, bac agus/nó cur isteach ar a chuid fostaithe de réir fhorálacha Achtanna na dTithe 1966 go 2014, in aghaidh aon duine atá ag gabháil do ghníomhaíocht den sórt sin. Déanfar aon teagmhas den sórt sin a thuairisciú do na Gardaí de réir bheartas an CCG ar thuairisciú éigeantach, agus aird á tabhairt ar nósanna imeachta faoinár mBeartas um Dhínit ag an Obair.

Nóta: déantar cíos a sheiceáil go huathoibríoch nuair a dhéantar iarratas ar chothabháil chuig an gComhairle agus ní fhéadfar oibreacha cothabhála nó oibreacha feabhsúcháin a dhéanamh má tá riaráistí ag do chuntas cíosa.

Cén fhad a thógfaidh sé ar dheisiúcháin a dhéanamh?

Déanann an Chomhairle gearáin faoi chothabháil a chatagóiríú faoi cheithre cheannteideal:

Éigeandáil	Deisiúcháin a dhéantar i gcás ina bhféadfadh contúirt a bheith ann do shaol an duine.	1-3 lá oibre 10 lá oibre	I measc na samplaí tá: Fadhb leictreach le fiúschlár, soicéad lochtach, tíleanna ag titim anuas den díon
Práinneach	Deisiúcháin a dhéantar go sciobtha ionas nach ndéanfar damáiste don teach i gcásanna nárbh é nó nárbh í an tionónta ba chúis leis an bhfadhb.		I measc na samplaí tá: Píopa uisce ag sceitheadh, gan aon uisce sa sconna, píopa pléasctha
Gnáthdheisiúchán	Deisiúcháin mheántosaíochta iad seo	12 sheachtain Déan cúláin dóiteáin a athsholáthar,	I measc na samplaí tá: córas teasa lochtach
Timthriallach	Is oibreacha iad sin a bhfuil tosaíocht íseal ag baint leo, amhail cothabháil phleanáilte agus uasghráduithe .	Clár cothabhála timthriallach gach 5-7 bliana	I measc na samplaí tá: Gáitéir ag sceitheadh, éadanchlár ag lobhadh

Tá sé mar aidhm ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe freagra a thabhairt ar iarratais ar chothabháil laistigh de na scálaí ama, faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil agus faoi réir chomhar an tionónta.

Cad ba cheart dom a dhéanamh má ghlaonn an fhoireann deisiúcháin ar mo theach nuair nach bhím ann?

Má ghlaonn an fhoireann deisiúcháin ar do theach agus mura féidir leo rochtain a fháil, fágfaidh siad cárta le huimhir teagmhála. Ba cheart duit glao orthu agus sonraí a fhágáil faoin lá / am is fearr chun glaoch arís agus uimhir theileafóin teagmhála. Mura mbíonn tú ag an maoin le linn gnáthuaireanta oibre, ba cheart duit socrú a dhéanamh le comharsa nó cara a bheith i láthair chun ligean don fhoireann deisiúcháin rochtain a fháil ar an maoin.

Cé a dhéanann deisiúcháin de bharr damáiste mhailísigh?

Tá tú freagrach as deisiúcháin a éiríonn as gach damáiste d'aon ghnó nó mailíseach ar mhaoin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, is cuma cé is cúis leis. Ní dhéanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe na deisiúcháin seo.

An féidir liom athruithe a dhéanamh ar mo theach?

Ní mór duit comhaontú i scríbhinn ón gComhairle a fháil sula dtosaíonn tú ar aon fheabhsúchán, athrú nó breisiúchán ar do theach. Is gnách go mbeimid sásta aontú ar athruithe, a luaithe a dhéanann conraitheoir ceadaithe iad, ach ní mór dúinn iad a sheiceáil ar dtús.

Ní mór duit comhaontú i scríbhinn ón gComhairle a fháil chun aon cheann díobh seo a leanas a dhéanamh;

- Teastaíonn cead chun seid a thógáil ar an maoin .
- Sconsa, ballaí nó geataí a chur suas os comhair nó ar chúl an tí.
- Aon aeróg, mias satailíte nó aon fheistiú nó daingneán a chur ar an taobh amuigh den teach.
- Paitió / pábháil / deicáil / lochán / aon oibreacha coincréite a shuiteáil.
- Ballapháipéar a chur ar ballaí inmheánacha an tí.
- Aon bhalla seachtrach, adhmaadóireacht, stroighin, geataí nó sconsa a phéinteáil.
- Luchtairí leictreacha, painéil fhótavoltacha a shuiteáil.

B'fhéidir go mbeidh cead pleanála uait le haghaidh oibreacha áirithe. Is leis an gComhairle gach athrú den sórt sin. Níl siad inbhainte ag an tionónta má chuirtear deireadh leis an tionóntacht níl aon chúiteamh incheadaithe ina leith. Le haghaidh liosta níos cuimsithí de na hoibreacha a dteastaíonn cead na Comhairle uathu féach leathanaigh 47 & 48.

I gcás athruithe neamhúdaraithe a dhéantar, féadfaidh an Chomhairle a cheangal ort an mhaoin a athbhunú go hiomlán go dtí a riocht bunaidh.

D'fhreagracht faoi Sláinte & Sábháilteacht

Ní mór don duine cáiliú le haghaidh tacaíochta tithíochta sóisialta agus ní mór don mhaoin a riachtanas tithíochta a shásamh. Má dhéantar ró-chóiríocht don duine san áitreabh, féadfar iad a aistriú chuig maoin níos lú. Scrúdófar gach cás de réir a fhiúntais féin.

Comharbas:

Níl aon cheart dlíthiúil ann chun comharbas, áfach, féadfaidh Cathair na Gaillimhe, dá rogha féin, iarraidh den sórt sin a dheonú agus breithneoidh sí iarratais ar bhonn aonair. Go háirithe agus chun an úsáid is fearr a bhaint as an stoc tithíochta, féadfaidh an Chomhairle cóiríocht mhalartach a thairiscint atá níos oiriúnaí do do riachtanais tithíochta.

Agus iarratais á bpróiseáil, beidh na critéir leathana seo a leanas i bhfeidhm;

- Ní dheonófar comharbas ach uair amháin.
- Ní mór don chomharba, le heolas agus cead iomlán Chathair na Gaillimhe, a bheith ina chónaí sa mhaoin leis an tionónta ar feadh 24 mhí ar a laghad roimh bhás tionónta (mar phríomhtheach).
- Ní féidir leis an gcomharba leas a bheith aige in aon mhaoin eile.
- Ní mór don chomharba a bheith 18 mbliana d’aois nó níos sine.
- Ní mór don mhaoin a bheith oiriúnach do riachtanais an chomharba.
- Níor chóir gur sháraigh an comharba an tionóntacht ar bhealach díreach agus é ina chónaí leis an tionónta.
- Beidh an comharbas i gcónaí faoi réir cheadú an údaráis áitiúil

An féidir liom m’áit chónaithe a cheannach?

Tá Scéim Náisiúnta um Cheannach Tionóntaí ann trínar féidir le tionóntaí na Comhairle iarratas a dhéanamh chun an mhaoin a bhfuil cónaí orthu inti a cheannach. Tá téarmaí agus coinníollacha na scéime, lena n-áirítear na critéir incháilitheachta agus maoin atá ar díol, faoi réir athraithe. Ní mheastar go bhfuil gach teach Comhairle incháilithe le ceannach.

Tá maoin neamh-incháilithe le díol más rud é :

- (a) go bhfuil sé deartha go sonrach do dhuine scothaosta amháin nó níos mó cónaí ann,
- (c) go bhfuil sé deartha go sonrach do bhaill den lucht siúil cónaí ann,
- (e) gur aistríodh chuig údarás pleanála de réir comhaontaithe faoi alt 96 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (Uimh. 30 de 2000)
- (f) i dtuairim an údaráis, nár cheart iad a dhíol ar chúiseanna a bhaineann le bainistiú cuí a dhéanamh ar stoc cóiríochta tithíochta an údaráis nó ar chúiseanna a bhaineann le riocht struchtúrach an tí.

Scéim TP

Ní mór nach raibh tú i riaráistí le do chíos ná aon mhúirear Comhairle le níos mó ná 12 sheachtain le trí bliana anuas nó má bhí, ní foláir duit plean íocaíochta a chomhaontú leis an gComhairle agus cloí le téarmaí agus coinníollacha an phlean.

An féidir leis an gComhairle morgáiste a sholáthar dom chun maoin a cheannach?

Féadann Údaráis Áitiúla maoiniú a sholáthar do cheannacháin tí. Tá na téarmaí agus na coinníollacha faoi réir athraithe agus ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an Rannóg Iasachtaí Tithíochta chun tuilleadh faisnéise a fháil.

An gcabhróidh an Chomhairle liom feabhsúcháin a dhéanamh ar mo theaghais ar cíos?

Sa chás gur tionónta tú atá ag déanamh iarratais ar chúiseanna míochaine, féadfaidh an Chomhairle smaoineamh ar fheabhsuithe nó athruithe a dhéanamh ar do theach. Tá sonraí iomlána na scéimeanna seo ar fáil ón Roinn Tithíochta.

Tá mo theach plódaithe, an bhfuil aon rud is féidir liom a dhéanamh?

Tá. Féadfaidh tú iarratas a dhéanamh ar aistriú chuig cóiríocht níos oiriúnaí. In imthosca eisceachtúla, féadfaidh an Chomhairle smaoineamh ar athruithe a dhéanamh ar an teach atá agat cheana féin.

Gníomhú ar son na hAeráide agus an Comhshaol

Tuigtear gur athrú mórscála fadtéarmach é Athrú Aeráide i bpatrúin aimsire agus meánteocht an phláinéid. Éifeachtúlacht Fuinnimh sa bhaile - tagann an chuid is mó d'fhuinneamh na hÉireann ó bhreoslaí iontaise, cosúil le gual, ola, gás, móin . Cé go gcuidíonn na breoslaí seo linn ár dtithe a théamh cuireann siad go mór le hathrú aeráide. Le leideanna cabhracha a fháil ar éifeachtúlacht fuinnimh, ar laghdú astuithe, agus ar ullmhú le haghaidh imeachtaí drochaimsire tabhair cuairt ar ár suíomh Gréasáin le do thoil www.galwaycity.ie/publications/tithíocht .

Bainistiú Dramhaíola

Tá tionóntaí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe freagrach as a gcuid dramhaíola féin a dhiúscairt go dleathach ar bhealach cuí, de réir an Achta um Bainistiú Dramhaíola 1996, an tAcht um Thruailliú Bruscair 1997, Fodhlíthe um Scaradh agus Cur i Láthair Dramhaíola Tí agus Tráchtála – Dílíthe 2019, agus an tAcht um Thruailliú Aeir 1987.

Tá sé de dhualgas ar thionóntaí córas trí araid dramhaíola a bheith acu, arna sholáthar ag bailitheoir dramhaíola ceadúnaithe, chun a gcuid dramhaíola a bhainistiú. **Is sárú é ar do Chomhaontú Tionóntachta mura ndéanann tú é sin.**

Tá dramhaíl scartha mar seo a leanas:

- Araid múirín do dhramhaíl orgánach
- Araid athchúrsála le haghaidh ábhar in-athchúrsáilte
- Araid dramhaíola do dhramhaíl neamhorgánach agus do dhramhaíl neamh-in-athchúrsáilte amháin.

Ceanglaítear ar do bhailitheoir dramhaíola comhairle a thairiscint ar na hábhair a chuirtear i ngach araid agus tú a chur ar an eolas faoin lá / na laethanta bailiúcháin cearta do do cheantar. Le haghaidh tuilleadh faisnéise, déan teagmháil dhíreach le do bhailitheoir dramhaíola.

Cuir d'araid go néata ar an gcosán nó ar an bpointe bailithe ainmnithe ar lá bailithe na n-araidí agus ná ró-líon d'araid.

Féadfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe taifid i scríbhinn a iarraidh ort go tréimhsiúil lena chinntiú go bhfuil tú ag bainistiú do chuid dramhaíola ar bhealach iomchuí.

Tá sé mídhleathach dramhaíl a dhó.

Tá cosc dian ar dhramhaíl a dhó i bhfearais nó ar do mhaoin. Tá dó neamhrialaithe dramhaíola mídhleathach agus féadann sé truailliú aeir a chruthú a bhféadfadh saincheisteanna sláinte agus sábháilteachta tromchúiseacha a bheith mar thoradh air.

Cuireann Comhairle Cathrach na Gaillimhe gníomhaíocht dhearfach chun cinn don chomhshaol.

Is féidir leat cabhrú ar an mbealach seo a leanas:

- Do theach agus an ceantar máguaird a choinneáil glan agus saor ó bhruscar
- Glac le cur chuige um laghdú - athúsáid - deisiú - athchúrsáil maidir le do dhramhaíl a bhainistiú
- Roghnaigh fearais atá rátáilte ar fhuinneamh íseal
- Múch fearais nuair nach bhfuil siad in úsáid
- Úsáid modhanna iompair inbhuanaithe
- Déan uisce a chaomhnú
- Ná cuir clúidíní, tuáillí sláintíochta, éadach cistine nó páipéar seachas páipéar leithris i leithris nó i ndraenacha

Leideanna Coigilte Fuinnimh le haghaidh Téamh

Téann thart ar 60% den fhuinneamh a úsáidtear i dtithe na hÉireann chun é a théamh .



Ísligh an teocht ar do theirmeastat. Má dhéanann tú an teirmeastat a ísliú céim amháin, féadfaidh tú do bhille teasa a laghdú le 10%. Ba chóir go mbeadh an teirmeastat do do spás maireachtála/cistine socraithe ag 18-20°C, agus is féidir le hallaí agus seomraí codlata a bheith níos fuaire, go hidéalach idir 15 agus 18°C.



Dún na doirse idir seomraí atá téite agus neamhthéite chun an teas a choinneáil istigh



Bog troscán amach ó radaitheoirí. Nuair a bhíonn tú ag iarraidh fanacht te sa bhaile i rith an gheimhridh bígí straitéiseach faoin gcaoi a shocraíonn tú do throscáin. Cuir do dheasc, leaba nó tolg thart ar aon fhoinsí teasa, gan bac a chur orthu.



Seachain éadaí a thriomú ar do radaitheoirí. Íslíonn sé seo an méid teasa a scaoileann na radaitheoirí, agus mar sin bíonn gá ar an gcoire feidhmiú ar feadh tréimhse níos faide chun an teocht seomra céanna a bhaint amach, agus ar an gcaoi sin níos mó breosla a úsáid.



Téigh i ngleic le séideáin. Is féidir le haer fuar teacht suas tríd an urlár agus timpeall ar do chlár sciorta. Dún na cuirtíní um thráthnóna chun an teas a choinneáil isteach. Is féidir stopallán /eisiatóir séideáin atá réasúnta saor a cheannach le haghaidh doirse seachtracha.



Lig an t-aer as do radaitheoirí ar bhonn rialta. Má tá aer i do radaitheoir, bíonn do choire ag dó ar feadh tréimhse níos faide.



Smaoinigh ar lasc ama tumoideachais a shuiteáil lena chinntiú nach bhfuil uisce te agat ach ag an am nuair atá sé uait.

Leideanna um Choigilt Fuinnimh d'Uisce Te Tí

Téann thart ar 25% den fhuinneamh a úsáidtear i dtithe na hÉireann chun uisce te tí a théamh .



Bíodh cithfholcadh agat seachas folcadh. Ní úsáideann cithfholcadh rialta ach 20% den fhuinneamh a thógann sé chun an t-uisce a théamh le haghaidh folctha iomlán.



Tá cithfholcadáin leictreacha pumpáilte ar cheann de na húsáideoirí fuinnimh is mó sa bhaile. Trí do chuid ama cithfholctha a laghdú, d'fhéadfá go leor fuinnimh agus uisce a shábháil .

Leideanna um Choigilt Fuinnimh maidir le Soilsiú

Is ionann soilsiú agus 10-15 % den bhille leictreachais. Chun cabhrú leis an úsáid fuinnimh seo a laghdú, is dea-rud é solas an lae nádúrtha a uasmhéadú nuair is féidir linn.



Múch na soilse i gcónaí nuair a fhágann tú seomra agus coigeartaigh do chuid dallóga nó cuirtíní chun an oiread solais agus is féidir a ligean isteach i rith an lae.



Cuir roghanna tíosach ar fhuinneamh LED in ionad sean-bholgáin solais, ar féidir leo 90% níos lú leictreachais a úsáid agus a mhaireann 10-20 uair níos faide ná na gnáth-bholgáin solais.



Roghnaigh an vatacht bolgáin is ísle atá ag teastáil chun an seomra/limistéar a lasadh agus smaoinigh ar mhéid an spáis agus ar an méid solais nádúrtha a thagann isteach sa spás .



Cuir do throsacán i suíomhanna ionas go mbainfidh tú an úsáid is fearr as solas nádúrtha.



Trí thasc-soilsiú a úsáid le haghaidh léitheoireachta nó ag deasc d'oifige is féidir an tomhaltas fuinnimh a bhaineann le soilsiú ginearálta i seomra a laghdú go suntasach.



Coinnigh na soilse glan. Is féidir le bolgán solais deannaigh nó scáthlán lampa salach bac a chur ar oiread agus leath an tsolais a chuirtear amach. Glan an deannach as an mbolgán agus nigh an scáth go rialta.

Leideanna um Choigilt Fuinnimh maidir le Fearais

Úsáideann go leor tithe fearais leictreacha uathoibrithe nua-aimseartha a ídíonn méid suntasach de chumhacht leictreach.



Caitear thart ar 90% den fhuinneamh a úsáidtear chun éadaí a ní ar théamh an uisce. Mura bhfuil tú ag déileáil le héadaí atá smeartha go mór, úsáid teocht íseal le haghaidh do mheaisín níocháin. Ná rith ach ualaí iomlána i do mheaisín níocháin agus i do mhiasniteoir.



Is é an líne éadaigh an rogha malartach is éifeachtaí ar fhuinneamh - chun éadaí a thriomú. Mura bhfuil spás leordhóthanach agat lasmuigh nó má tá cónaí ort in árasán, cuir raca triomadóir le fuinneog oscailte ghriannmhar .



Coigeartaigh teocht do chuisneora/reoiteora. Ba chóir go mbeadh do chuisneoir idir 3 agus 5°C agus ba chóir go mbeadh do reoiteoir idir -15 agus -18°C .



Díreoigh an taobh istigh de do reoiteoir gach 6 mhí ar a laghad chun cabhrú leis feidhmiú go héifeachtach.



Múch gach fearais san oíche nuair nach bhfuil siad in úsáid. Is féidir leo go leor fuinnimh a úsáid ar mhód fuireachais (m.sh., teilifís, ríomhaire).



Agus gléasanna leictreacha á gceannach agat, cinntigh go n-uasghrádaíonn tú fearais go rátáil A. Seans nach mbeadh gléasanna ar chostas íseal níos saoire thar a saolré .



Ná líon do chiteal ach leis an oiread uisce agus is gá duit.

Bruscar agus an Comhshaoil

Faoi na hAchtanna Tithíochta agus mar chuid de Bheartas Bainistíochta Eastáit agus Chomhaontú Tionóntachta na Comhairle, táthar ag súil go gcoinneoidh tionóntaí a dteach ar cíós i riocht maith agus a ngairdíní i riocht glan, slachtmhar agus sláintíochta.

Faoin Acht um Thruailliú Bruscair 1997 is féidir le Maor Bruscair na Comhairle fíneálacha a eisiúint do thionóntaí má dhéanann siad “aon substaint nó réad a thaisceadh chun bruscar a chruthú in áit phoiblí nó in aon áit”.

Níor cheart go gceadófaí, ar chúinse ar bith, bruscar baile nó bruscar de chineál ar bith a charnadh ar mhaoín na Comhairle, ach amháin bruscar atá ag feitheamh lena bhailiú. Meastar go bhfuil bruscar i do ghairdín, ar do chosáin nó ar do lána frithshóisialta agus ní ghlacfaidh an Chomhairle leis. Tá sé d’fhreagracht ar na cónaitheoirí sin a bhfreastalaíonn lána geata orthu a chinntiú go gcoinnítear glan é agus saor ó bhruscar, srl.

Déanann an Roinn Comhshaoil gearáin Dramhaíola agus Bruscair a logáil ar dtús agus ansin cuirtear ar aghaidh iad chuig na Maoir Phobail. Glaoigh ar: **091 536400**, r-phost: environment@galwaycity.ie nó tabhair cuairt ar environment@galwaycity.ie, más mian leat gníomhaíocht bruscair nó dumpála a thuairisciú.

Leas na dTionóntaí

Soláthraíonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe raon tacaíochtaí agus idirghabhálacha chun cabhrú le tionóntaí a dtionóntachtaí a chothú agus luach a fháil uathu.

Oiliúint Tionóntachta

Ceanglaítear ar gach tionónta freastal ar oiliúint réamh-thionóntachta sula dtéann siad isteach ina gcuid maoiné. Ag an oiliúint seo, tugtar breac-chuntas ar an raon leathan seirbhísí atá ar fáil do thionóntaí Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.

Tá tacaíochtaí iar-thionóntachta ar fáil freisin, lena n-áirítear oiliúint ar ábhair mar scileanna coiste, scileanna tuismitheoireachta, bainistíocht buiséid agus feasacht ar dhruaí.

Seirbhís Oibre Sóisialta

Tá na hOifigigh Teagmhála Eastáit Tithíochta ar fáil chun cúnaimh agus comhairle a thabhairt dár dtionóntaí uile. Ina theannta sin, soláthraíonn an Roinn Tithíochta seirbhís oibre sóisialta. Más mian leat saincheisteanna a bhaineann le do thionóntacht a phlé le ball den fhoireann oibre sóisialta, déan teagmháil leis an Roinn Tithíochta le haghaidh tuilleadh faisnéise. Glactar le hatreoruithe ó ghníomhaireachtaí tacaíochta, agus trí fhéin-atreorú.

Ag tabhairt aire do do mheabhairshláinte

Tá sé tábhachtach do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe go bhfuil tionóntaí sábháilte, folláin agus sona ina dteach agus ina dtimpeallacht. Mar sin féin, ó am go ham, tá rudaí ann a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ort agus an saol a dhéanamh beagán níos deacra.

Tá cúpla rudaí a fhéadfaidh tú a dhéanamh chun cabhrú le do ghiúmar a fheabhsú:

- Ith go sláintiúil
- Coinnigh i dteagmháil le cairde agus le do mhuintir
- Glac sos
- Coinnigh gníomhach
- Ól go ciallmhar
- Iarr ar chabhair
- Déan rud éigin a bhfuil tú go maith aige
- Labhair faoi conas a bhraitheann tú

Éigeandálaí

Tá seirbhís glaonna éigeandála lasmuigh d'uaireanta oibre ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Má tharlaíonn éigeandáil lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre, is féidir le tionóntaí glao ar (091) 536400.

Socródh siad an tseirbhís éigeandála cheart mar fhreagairt ar an iarraidh. Ní fhreastalófar ar chásanna ach nuair nach féidir leis an obair riachtanach fanacht go dtí an chéad lá oibre eile. Forchoimeádann an Roinn Tithíochta an ceart chun a chinneadh cad is éigeandáil ann ar féidir freastal air lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre.

Má theastaíonn uait an BRIOGÁID DÓITEÁIN, GARDAI, nó OTHARCHARR, GLAOIGH AR 999 NÓ 112 tú féin. NÁ FAN le haghaidh ball d'fhoireann na Comhairle.

Má tá SCEITHEADH GÁIS agat, glaoigh ar Bhord Gais LÁITHREACH ar 1850 20 50 50

Samplaí d'éigeandáil:

- Riosca tromchúiseach don bheatha nó don tsláinte
- An chontúirt ann go mbeadh an teach faoi thuilte ag uisce nó ag séarachas
- Teip iomlán ar do sholáthar leictreachais nó locht leictreach
- Riosca de dhamáiste suntasach don teach

Má ghlaoitear ar bhaill foirne i gcás nach bhfuil éigeandáil ann, gearrfar costas iomlán an ghlaio amach ar an tionónta.

Mura dtagann an fhadhb faoi na samplaí thuas, déan an fhadhb a thuairisciú a luaithe is féidir an chéad lá oibre eile.

AGUISÍN 1

Cothabháil Tithíochta - Freagrachtaí Tionóntaí agus na Comhairle

Freagrachtaí na dtionóntaí

Seo a leanas samplaí de na cineálacha deisiúcháin a bhfuil tú freagrach astu:

Deisiúcháin Inmheánacha:

- Scoilteanna plástair inmheánacha.
- Deisiúcháin nó athsholáthar cófraí, vardrúis, aonaid chistine agus a ndoirse, insí, hanlaí, glais, laistí agus tarraiceáin.
- Ráillí cuirtíní agus cláir fhuinneoige.
- Scuabadh simléir.
- Deisiúcháin a éiríonn as damáiste comhdhlúthaithe.
- Tíleanna balla agus urláir.
- Adhmadóireacht inmheánach ar nós urlár, doirse agus cláir sciorta.
- Clúdaigh aerála.

Doirse agus Fuinneoga:

- Glais agus hanlaí seachtracha agus inmheánacha.
- Teanntáin, laistí agus coscbharraí fuinneoga.
- Doirse agus fuinneoga a dhíon ar shéideáin.
- Gloine briste a athsholáthar.
- Gaothairí buana más ann dóibh
- Tíleanna inmheánacha ar leaca fuinneoige agus cláir fhuinneoige.
- Boscaí litreacha.
- Ba chóir don tionónta adhmaid ar fhuinneoga, go himmheánach agus go seachtrach, a phéinteáil / vearnais a chur orthu ar bhonn rialta (an t-eatramh uasta cúig bliana).

Deisiúcháin Sheachtracha:

- Gairdíní agus fáлта a chothabháil i ndálaí néata.
- Fáлта agus ballaí teorann an ghairdín a thóg an Chomhairle agus an tionónta a dheisiú nó cinn eile a chur ina n-áit.

- Geataí chun tosaigh, geataí ar na beanna nó doirse ar an ngairdín a dheisiú, nó cinn eile a chur ina n-áit nó iad a chrochadh arís.
- Seideanna breosla nó botháin.
- Láib, duilleoga nó sil-leagan eile a ghlanadh amach as gáitéir.

Deisiúcháin Leictreacha:

- Rósanna síleála, cró lampa agus plocóidí.
- Fiúsanna, seachas príomhfhiúsanna.
- Eilimintí le haghaidh tinte leictreacha. Aon deisiúchán ar fhearaís leictreacha, tinte agus téitheoirí nár chuir an Chomhairle isteach.
- Bolgáin solais agus aon bholgán a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil le haghaidh treoirshoile.

Deisiúcháin Phluiméireachta:

- Gaistí gáitéir a ghlanadh.
- An costas a ghabhann le draein tí caochta a ghlanadh amach nuair a dhéanann draein shingil freastal ar áitreabh agus cuid den chostas glanta i gcás draein roinnte.
- Píopaí dramhaíola laistigh san áitreabh a dheisiú nó cinn eile a chur ina n-áit.
- Aerbhaic a scaoileadh as píopaí.
- Sconnaí eile a chur in áit na sconnaí ar dhoirtíl agus ar bháisíní níocháin agus iad a dheisiú lena n-áirítear sconnaí a mbíonn uisce ag síleadh astu nó a mbíonn braonta uisce leo.
- Babhla leithris a dheisiú nó ceann eile a fháil ina áit.
- Báisín níocháin a dheisiú nó ceann eile a fháil ina áit.
- Tá an Tionónta freagrach as cuirtíní/ráillí cithfholcadh a dheisiú agus a athsholáthar, colbhaí cithfholcadh/painéal gloine, doirse gloine agus meicníochtaí oscailte & dúnta nó eile.
- Sistéal agus clúdach leithris a dheisiú nó cinn eile a chur ina n-áit.
- Snámhbhuacaire sa leithreas nó aonad rialaithe snámhachta uisce eile sa leithreas a dheisiú nó cinn eile a chur ina n-áit.
- Suíochán leithris, slabhraí agus murláin a dheisiú nó cinn eile a fháil ina n-áit.
- Fearais Chócaireachta agus Téimh:
- Fearas cócaireachta nó téimh ar bhreosla soladach, ar ghás nó eile a chuir an tionónta(na tionóntaí) isteach.
- Ciseán/gráta sna teallaigh go léir agus pánaí eile a chur in áit na bpánaí gloine sna doirse a bhíonn ar théitheoirí seomra. Ní iondúil go n-áirítear athsholáthar soirn leis seo.
- Tíleanna teallaigh / tinteáin a dheisiú nó cinn eile a chur ina n-áit. Ní iondúil go n-áirítear athsholáthar teallaigh/tinteáin leis seo.

Sceitheanna:

Má tá an sceitheadh lasmuigh de chúirtealáiste na maoinne is é Uisce Éireann an chéad phointe teagmhála do gach saincheist soláthair uisce nó draenála bréan ar **www.water.ie** nó ar **1850 278 278**

Ginearálta:

Tá tú freagrach as aon damáiste, a rinneadh go toiliúil nó go mailíseach, a dheisiú. Má thugann an Chomhairle faoi dheisiúcháin a d'éirigh as damáiste dá leithéid, gearrfar an costas a ghabhann le deisiúcháin dá leithéid ar an tionónta(na tionóntaí).

Tá tú freagrach as deisiúcháin ar dhoirse, fuinneoga, daingneáin agus feistis san áitreabh a scriosadh nó a ndearnadh damáiste dóibh de bharr buirgléireachta, briseadh tí, goid nó gadaíochta.

Nuair a bhíonn glaonna amach arís agus arís eile le haghaidh aon cheann de na míreanna thuas a bhfuil tú freagrach astu agus is léir gur mí-úsáid ag an tionónta is cúis leis na deisiúcháin nó an t-athsholáthar, beidh an tionónta freagrach as an gcostas agus féadfar Rabhadh Tionóntachta a sheirbheáil air

Freagrachtaí na Comhairle

Féadfaidh an t-údarás áitiúil dá rogha féin deisiúcháin agus cothabháil a dhéanamh a éiríonn as gnáthchaitheamh agus gnáthchuidimilt gan na freagrachtaí atá ort maidir le cothabháil na maoinne a bhaint.

Tá an Chomhairle freagrach as na míreanna seo a leanas a dheisiú agus a chothabháil

Struchtúr na Teaghaise.

- Deisiúcháin struchtúracha ar bhallaí
- Deisiúcháin struchtúracha ar shíleálacha
- Deisiúcháin struchtúracha ar urláir
- Deisiúcháin struchtúracha ar sciorta
- Deisiúcháin struchtúracha ar staighre
- Deisiúcháin struchtúracha ar an díon (lena n-áirítear tíleanna / sclátaí, caipíní iomaire agus báirsí)
- Deisiúcháin struchtúracha ar shimléir (páirteanna seachtracha)
- Deisiúcháin sheachtracha ar aerbhricí agus aerálaithe
- Deisiúcháin de bharr damáiste ó thaislobhadh agus críonlobhadh
- Deisiúcháin damáiste dóiteáin (seachas athmhaisiú)
- Athsholáthar / deisiúchán bord éadan agus tairr

Deisiúcháin Sheachtracha:

- Limistéir taitneamhachta pobail
- Soilsiú i limistéir phobail
- Staighre comhchoiteanna, cosáin, rampaí agus tiomántáin a thóg an Chomhairle
- Cothabháil (gan glanadh) gáitéir agus fánphíobáin
- Doirse agus frámaí seachtracha agus síonchláir a athsholáthar, nuair is gá agus arna sainaitheint ag an gComhairle.
- Frámaí fuinneoige agus saiseanna a athsholáthar, nuair is gá agus arna sainaitheint ag an gComhairle. Sconsaí a athsholáthar, nuair is gá agus arna sainaitheint ag an gComhairle.

Deisiúcháin Leictreacha

- Deisiúcháin agus athnuachan de shreangú leictreach
- Deisiú / Athsholáthar soicéid
- Deisiúcháin / Athsholáthar rósanna síleála
- Deisiúcháin / athsholáthar sealbhóirí lampa, lasca solais, téitheoirí tumtha
- Brathadóirí deataigh príomhlíonra suiteáilte ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe

Deisiúcháin Phluiméireachta

- Umair Stórála Uisce agus Sistéal (scáinte agus ag sceitheadh mar gheall ar chaitheamh agus cuimilt)
- Stopalláin, coirí cúil agus sorcóirí uisce te
- Sistéil leithris, báisíní, sconnaí, babhlaí leithris scáinte nó ag sceitheadh (mar gheall ar ghnáthchaitheamh agus gnáthchuimilt)
- Píopaí dramhaíola agus draenacha seachtracha - ní bacainní

Fearais Chócaireachta agus Téimh

- Níl Soirn ná Raoin lochtacha á n-athsholáthar/ á suiteáil ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe a thuilleadh mar chuid dár Straitéis um Ghníomhú ar son na hAeráide.
- Seiceálacha dóiteáin, téitheoirí tumtha

Cúinsí Eisceachtúla

Ní bhreithneoidh an Chomhairle iarratais ar dheisiúcháin, a bhfuil tú freagrach astu amháin, ach in imthosca eisceachtúla nuair nach féidir leat é sin a dhéanamh. Sna cásanna seo, déanfar obair ar bhonn inmhuirir.

Nóta: Áiritheoidh an Chomhairle go ndéanfar aon tionscadal / obair/ tógáil / cothabháil / deisiúchán ar an teaghais, a thagann chun cinn de réir a fhreagrachtaí faoin gComhaontú Ligin, agus a dhéantar de réir a threorach, de réir cheanglais na Rialachán Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa ag an Obair (Tógáil) 2013.

Athruithe ar an Maoin

Ní mór duit cead i scríbhinn a fháil ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe chun na hoibreacha seo a leanas a dhéanamh. Tabhair faoi deara le do thoil nach bhfuil an liosta seo uileghabhálach agus moltar duit teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Tithíochta sula dtosaíonn tú ar aon obair ar do mhaoin chun a shoiléiriú an bhfuil gá le cead a fháil.

- Suiteáil sornáin & sornbhruthaire
- Suiteáil teallaigh
- Athsholáthar cistiní
- Athsholáthar, athnuachan urláir i limistéir fhliucha
- Sconsa nó geataí a chur suas os comhair nó ar chúl an tí
- Aon aeróg, mias satailíte nó aon fheistiú nó daingneán a chur ar thaobh an tí
- Suiteáil ceamaraí CCTV
- Ballapháipéar a chur ar ballaí inmheánacha an tí
- Péinteáil aon bhalla seachtrach
- Athruithe ar an leagan amach inmheánach, m.sh. oscailt dorais nua a chruthú, fo-roinnt seomraí, srl
- Cith leictreach a chur isteach
- Folcadáin a bhaint
- Suiteáil leictreachais Réamhphá (ní cheadaítear Méadair Gáis Réamhíochta)
- Tabhair faoi deara le do thoil go dteastaíonn cead chun seid a thógáil ar an maoin
- Síneadh ar mhaoin, seideanna agus bealaí isteach atá ann cheana
- Bealaí isteach nua a shuiteáil
- Ní cheadaítear raonta madraí a thógáil

- Athrú ar na doirse agus na fuinneoga atá ann cheana
- Doirse & fuinneoga atá ann cheana a athsholáthar

Beidh an tionónta freagrach i gcónaí as cothabháil agus deisiúchán na n-earraí seo.

B'fhéidir go mbeidh cead pleanála uait freisin le haghaidh oibreacha áirithe. Má tá amhras ort an bhfuil cead ag teastáil le haghaidh aon athruithe atá beartaithe, déan teagmháil le do thoil le Roinn Pleanála Chomhairle Cathrach na Gaillimhe chun soiléiriú a fháil.

Sa chás go bhfágann an tionónta teaghais agus gur mian leis aon trealamh a d'oirfeadh sé le linn a thionóntachta a bhaint, mar shampla sorn nó aonad cistine, ní mór dóibh a chinntiú go gcuirtear an teaghais ar ais ina riocht réamh-thionóntachta.

I gcás athruithe neamhúdaraith a dhéantar, féadfaidh an Chomhairle a cheangal ort an mhaoin a athbhunú go hiomlán go dtí a riocht bunaidh agus is ortsa a bheidh an costas.

Má tá tógáil sheachtrach i gceist leis an athrú iarrtha beidh ort pleananna a dhréachtú, ag leagan amach go soiléir an

méid seo a leanas ar a laghad:

- Scála na n-athruithe atá beartaithe.
- Cén leibhéal comhairliúcháin a bhí agat le do chomharsana faoi na pleananna seo.
- Cé mhéid comhairliúcháin a bhí agat leis an Roinn Phleanála.
- Cén méid cumarsáide a bhí agat cheana le hoifigigh de
- Roinn Tithíochta Comhairle Cathrach na Gaillimhe maidir leis na hathruithe atá beartaithe.
- Ainm an tógálaí beartaithe.

Sa chás go gcomhaontaítear athruithe: níor cheart ach ceardaithe cáilithe a bhfuil taithí acu a úsáid.

- Níor cheart ach conraitheoirí atá cláraithe le comhlacht aitheanta agus ceadaithe a úsáid, mar shampla; Cónaidhm an Tionscail Foirgníochta (CIF).
- Ba cheart go mbeadh clúdach árachais leordhóthanach ag conraitheoirí maidir le dliteanas an phobail agus an fhostóra araon.
- Ba cheart do thionóntaí iad féin a chur ar an eolas faoi riachtanais na Rialachán Sábháilteachta, Sláinte & Leasa ag an Obair 2013 (nó is déanaí má dhéantar iad a nuashonrú) i dtéarmaí fhreagrachtaí an Chliaint agus oibreacha áirithe á ndéanamh acu.

- Ní dhoirteoidh na hoibreacha beartaithe ar áiteanna lasmuigh de do mhaoin gan toiliú do chomharsana, agus Roinn Tithíochta na comhairle nuair is ábhartha.
- Ní cheadófar athruithe ar thithe nuathógtha nó athchóirithe le linn na tréimhse dliteanais lochtanna. De ghnáth tréimhse 12 mhí tar éis a críochnaithe.
- Is le Comhairle Cathrach na Gaillimhe aon athrú a roghnaíonn tú a dhéanamh ar do mhaoin a luaithe a bheidh na hoibreacha críochnaithe.

Feithiclí Leictreacha agus Pointí Luchtaithe

Ní mór do thionóntaí cead a iarraidh chun Luchtaire Gluaisteáin Leictirigh a shuiteáil, ní mór do thionóntaí cloí leis na coinníollacha seo a leanas:

- Ní mór do chabhsán príobháideach a bheith ag dul chuig an maoin, tá sé seo ar chúiseanna Sláinte & Sábháilteachta agus ceisteanna árachais agus dliteanais. Más cabhsán poiblí é an cabhsán nó ar limistéar páirceála comhchoiteann ní thabharfar cead mar sin do luchttaire leictreach príobháideach a shuiteáil.
- Cloíonn na hoibreacha suiteála molta leis na Rialacháin Foirgníochta ábhartha go léir.
- Ní chuirfidh an t-aonad molta bac ar bith ar sheirbhísí fónais reatha (Draenacha Uisce, Séarachais & Uisce Dromchla, Gás, Teileachumarsáid, Leathanbhanda srl.) atá laistigh de chúirtealáiste na maoin.
- Ní cheadaítear ach do chonraitheoir/daoine ceirde atá cláraithe le RECI na hoibreacha beartaithe a chur i gcrích . Teastas maidir le cur i gcrích oibreacha le cur ar aghaidh chuig Comhairle Cathrach na Gaillimhe trí ríomhphost chuig housing@galwalwaycity.ie
- Déanfaidh an SEAI cineál agus déantús luchtairí feithiclí leictreacha a fhaomhadh agus cloífidh siad le rialacháin uile AE agus cuirfear sonraí agus sonraíocht dó ar fáil do CCG.
- Ní cheadaítear ach luchttaire Leibhéal 1 nó Leibhéal 2 a shuiteáil, ní cheadaítear aon luchttaire Leibhéal 3 . Is éard atá i Leibhéal 1 asraon caighdeánach 120 volta, tá cumhacht 240 volta ag Leibhéal 2 agus tá Leibhéal 3 ina luchtairí DC ardleibhéil nó tapa, a thagann go díreach ó ghreille an tsoláthraí. Ní mór lasc leithlisithe féin a bheith ag gach luchttaire, bosca balla, bíodh siad caighdeánach, cliste nó ina chothromú ualaigh.
- Ba cheart go mbeadh clúdach árachais leordhóthanach ag conraitheoirí maidir le dliteanas an phobail agus an fhostóra araon.
- Ní scaipfidh na hoibreacha molta ar limistéir lasmuigh de chúirtealáiste na maoin.
- Is le Comhairle Cathrach na Gaillimhe aon athrú a dhéantar ar do mhaoin a luaithe a bheidh na hoibreacha críochnaithe.

- Is é an tionónta atá freagrach as na costais go léir a bhaineann le suiteáil an luchtaire leictreachais.
- Tá an tionónta freagrach as aon saincheist dliteanais a d'fhéadfadh teacht chun cinn de bharr é a shuiteáil.
- Mura dteastaíonn an luchtaire ón tionónta a thuilleadh beidh sé de fhreagracht orthu é a bhaint agus an balla a chur ar ais chuig an riocht ina raibh sé roimhe sin. Is ar an tionónta a bheidh na costais ghaolmhara go léir.

Teagmhálacha Úsáideacha agus Eolaire de Theagmhálacha 3ú Páirtí

Cuideachtaí Fóntais

Líonraí Gáis	www.bordgaisenergy.ie	1850 632 632
Líonraí BSL	www.esbnetworks.ie	1850 372 999
Electric Ireland	www.electricireland.ie	1850 372 372
Energia	www.energia.ie	1850 300 700
SSE Airtricity	www.sseairtricity.com	1850 81 81 10
Bord Gais Energy	www.bordgaisenergy.ie	01 611 01 51
Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide (CARO)	www.caro.ie	
Climate Ireland (Aeráid na hÉireann)	www.climateireland.ie	
An teach glas- An Taisce	www.greenhome.ie	
Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) Liosta Trí E	www.seai.ie/Your_Business/Triple_E_Product_Register/	
Cuir Stop le Cur amú Bia	stopfoodwaste.ie/stop-food-waste-week-2019-working-to-reduce-food-waste	

Cuideachta um Dhiúscairt Dramhaíola

City Bin	www.citybin.com	1800 24 89 24
Barna Recycling	www.barnarecycling.com	091 771619
Wers Waste	www.werswaste.ie	1890 229 377

Árachas Inneachar Tí

Compare Insurance	www.compareinsuranceireland.ie	042 935 9090
Quote Devil Insurance	www.quotedevil.ie	01 254 1300
Árachas Tí Axa	www.axa.ie	1890 24 7 365
Árachas Tí Allianz	www.allianz.ie	01 448 48 48
Árachas Tí FBD	www.fbd.ie	01 761 7617
Árachas tí 123.ie	www.123.ie	01 518 1434

Ceartha Leasa agus Seirbhísí Tacaíochta

Ceartha Tomhaltóirí	www.ccpc.ie	1890 432 432
Seirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid	www.mabs.ie	0761 07 2000
Ionad Faisnéise do Shaoránaigh	www.citizensinformation.ie	0761 07 4000
Seirbhísí Tacaíochta FSS do Dhaoine Scothaosta	www.hse.ie	1850 24 1850
Na Samáraigh	www.samaritans.ie	116 123
Childline	www.childline.ie (24 uair)	1800 66 66 66 NÓ seol BULLY nó TALK nó HELP i dTÉACS chuig 50101 le haghaidh téacs Duine le Duine 10am - 4am

Uimhreacha Saorghlao

Childline	1800 666 666
An tIonad Éigeandála um Éigniú	1800 77 8888
Líne Rúnda an Gharda Síochána	1800 666 111
Líne Chabhreach um Chúnamh do Mhná	1800 341 900



Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste, Gaillimh,
H91 X4K8. **Email:** customerservice@galwaycity.ie

Rphost: seirbhisdochustaimeri@galwaycity.ie

Phone/Fón: +353 91 536400

www.galwaycity.ie